

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2016

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**  
Samhradh Gnóthach

Bhí samhradh an-ghnóthach ag Mánas. Bhí sé an-sásta lena ghnó nua, ag ligean amach rothar ar cíos. Tháinig a lán turasóirí go Dún na nGall an samhradh sin – níos mó ná mar a tháinig riamh. Ní raibh lá amháin ann i Mí Iúil ná i Mí Lúnasa nár lig Mánas deich rothar ar a laghad amach ar cíos. Thug Mánas faoi deara tar éis tamaill go raibh sé ag caitheamh níos mó ama ag deisiú rothar. B’fhearr leis a bheith in ann níos mó ama a chaitheamh leis na custaiméirí, ag caint leo agus ag insint dóibh faoi áiteanna a bhféadfaidís cuairt a thabhairt orthu. Shocraigh Mánas duine éigin a fhostú chun cabhrú leis.

**Canúint Chonnacht**  
Cinneadh

Shocraigh Peadar dul go Ros a’ Mhíl chun radharc amháin eile a fháil ar an trálaer a bhí ar díol, *Banríon na Mara*. Thug sé cuireadh dá athair dul leis. Bhí *Banríon na Mara* ceangailte san áit chéanna le hais na céibhe. Thug Peadar faoi deara go raibh sí nuaphéinteáilte anois agus nach raibh meirg le feiceáil in áit ar bith uirthi. Léim siad ar bord.

“Tá do chroí sa trálaer seo, a Pheadair, nach bhfuil?” arsa a athair leis.

“Tá,” arsa Peadar. “Seo mo sheans. Mura gceannaím mo thrálaer féin anois, ní dhéanfaidh mé go deo é.”

“Tabharfaidh mise duit an dá mhíle Euro sa bhreis atá ag teastáil uait chun í a cheannach. Tóg an iasacht sin ón mbanc agus síneoidh mise an fhoirm sin a thug Bainisteoir an bhainc duit. Is mór an trua nach raibh an misneach céanna agamsa agus atá agatsa nuair a bhí mé ar chomhaois leat.”

**Canúint na Mumhan**  
Scrúduithe na Nollag

Thaitin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go mór le Muiris. An rud is mó a thaitin le Muiris ná na rudaí nua a bhí sé ag foghlaim sna léachtaí. Thóg Muiris rudaí go deas réidh ar dtús ach sula raibh a fhios aige bhí dhá mhí caite aige san Ollscoil. Chonaic sé fógra ansin go mbeadh dhá scrúdú le déanamh aige roimh an Nollaig. Bheadh obair mhór le déanamh aige. Níor thug na léachtóirí freagraí ar cheisteanna dó. Bhí ar Mhuiris dul go dtí an leabharlann chun léitheoireacht a dhéanamh. Thaitin an leabharlann leis. Bhí sí ciúin agus chomh maith leis sin i bhfad níos teo ná an t-árasán ina raibh sé ag fanacht.

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2016

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**

Samhradh Gnóthach

1. Cé aige a raibh samhradh an-ghnóthach?
2. Cén sórt gnó a bhí ag Mánas?
3. Céard a thug Mánas faoi deara tar éis tamaill?
4. Céard ab fhearr le Mánas a bheith ar siúl aige?
5. Céard a shocraigh Mánas a dhéanamh?

**Canúint Chonnacht**

Cinneadh

1. Cár shocraigh Peadar dul?
2. Cén fáth ar shocraigh Peadar dul go Ros a' Mhíl?
3. Céard a thug Peadar faoi deara faoin trálaer?
4. Cé mhéad airgead a thabharfaidh athair Pheadair do Pheadar?
5. Cé a shíneoidh an fhoirm a fuair Peadar ó Bhainisteoir an bhainc?

**Canúint na Mumhan**

Scrúduithe na Nollag

1. Cén ollscoil a raibh Muiris ag freastal uirthi?
2. Céard é an rud is mó a thaitin le Muiris faoin ollscoil?
3. Conas a fuair Muiris amach go raibh dhá scrúdú le déanamh aige roimh an Nollaig?
4. Cén fáth a ndeachaigh Muiris go dtí an leabharlann?
5. Cén fáth ar thaitin an leabharlann le Muiris?